



Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2023

CM 3645/23

Comhad Idirinstiúideach:
2023/0168(NLE)

PECHE
PROCED
UK
N

TEACHTAIREACTH

AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Teagmháil: LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu

Teil/Facs: +32 2 281 8174

Ábhar: Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

- Glacadh an Rialacháin ón gComhairle;
- Formheas ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

= DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 3630/23 an 28 Meitheamh 2023, a thabhairt i gcrích an 29 Meitheamh ar 11:00.

Tabhair faoi deara, le do thoil, an méid seo a leanas:

- 1) Vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar ghlacadh an Rialacháin thuasluaite ón gComhairle mar a leagtar amach in 10377/23 é. Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an Rialachán thuasluaite ón gComhairle;
- 2) Vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar an dréachtráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún a leagtar amach in 10375/23 ADD 1. Dá bhrí sin, comhaontaítear an ráiteas thuasluaite ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

Na ráitis a áirítear in 10375/23 ADD 1, áireofar iad san achoimre ar ghníomhartha a glacadh de réir an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an trío fómhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Ba mhaith le hArdrúnaíocht na Comhairle buíochas a ghabháil leis na toscaireachtaí agus leis an gCoimisiún as a gcomhar.
